
Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway



# Treoir do Mhic Léinn *Lánfhásta*



2024





# Ollscoil *na* Gaillimhe

# Treoir do Mhic Léinn Lánfhásta *2024*

Is cuid den Ionad Rochtana Oifig na Mac Léinn Lánfhásta. Is é aidhm an Ionaid Rochtana timpeallacht chuiditheach foghlama a chothú ina dtabharfar deis do mhic léinn a bhí nó atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn lánfhásta rochtain a fháil ar oideachas tríú leibhéal agus rath a bheith orthu ann. Bíonn níos mó ná cur chuige oideachais amháin i gceist leis sin, agus áirítear leis freisin seirbhísí sainiúla cosúil le Cláir Rochtana, an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais agus an tOifigeach Oideachais Taistealaithe. Is ar an líon mór mac léinn atá rangaithe ag an Údarás um Ard-Oideachas mar 'mhic léinn neamhthraidisiúnta' atá na hacmhainní seo dírithe.





# Tar isteach *agus* labhair linn

## Oíche Eolais Do Mhic Léinn Lánfhásta

*10 Eanáir 2024*

## Laethanta oscailte Ollscoil na Gaillimhe:

*Dé hAoine, 6 Deireadh Fómhair & Dé Sathairn, 7 Deireadh Fómhair 2023*

**Labhair le hOifigeach na Mac Léinn Lánfhásta agus faigh eolas faoi chéimeanna, gairmeacha, Deontais SUSI, Cúrsaí Rochtana agus faoin iarratas CAO.**

Cuirfidh Oifigeach na Mac Léinn Lánfhásta fáilte romhat agus míneofar duit an nós imeachta atá i gceist le hiarratas a dhéanamh don CAO. Roinnfear leat chomh maith cuid de na heispéiris a bhí ag mic léinn roimhe seo.

Beidh ionadaí i láthair ó gach ceann dár gCláir Chéime chun ceisteanna a fhreagairt faoi dheiseanna gairme agus faoi thorthaí foghlama a gclár siúd. Beidh an tSeirbhís Forbartha Gairmeacha i láthair chun ceisteanna a fhreagairt faoi na roghanna gairme a bheidh agat má bhaineann tú céim amach.

Fearfar fáilte roimh gach foghlaimeoir lánfhásta, beag beann ar aois, mar go bhfuil i bhfad níos mó le tairiscint ag an ollscoil ná céimeanna lánaimseartha amháin. Beidh an tIonad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh i láthair, agus cuirfidh siad eolas ar fáil faoina shainchúrsaí gearra, cúrsaí ar líne, teangacha, foghlaim sa seomra ranga agus cúrsaí forbartha gairmiúla.

Treoraíodh go leor daoine a tháinig ag an seisiún faisnéise sna blianta roimhe seo chuig Cúrsaí Dioplóma Rochtana le go mbeadh na bunscileanna acu in ábhair acadúla ag leibhéal 6, ar leibhéal réamhollscoile é sin, agus tugadh tacaíocht dóibh ina dhiaidh sin tabhairt faoi chéimeanna i ndisciplíní éagsúla in Ollscoil na Gaillimhe. Cothaíonn na cúrsaí seo muinín an duine féin, agus muinín as a c(h)umas, agus tacaíonn siad le gach duine a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tá áit in Ollscoil na Gaillimhe do gach duine, bíodh sé ar chúrsa Rochtana, ar chúrsa céime lánaimseartha nó ár cheann de an cláir a bhíonn á reáchtáil ag an Ionad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh. Beidh sonraí iomlána ar fáil ar ár láithreán gréasáin i mí na Nollag.

Is deis iontach na Laethanta Oscailte duit féin agus do do theaghlach dul i dtaithí ar Ollscoil na Gaillimhe. Tabhair cuairt orainn agus faigh blaiseadh dár bpobal bríomhar agus éagsúil. Tapaigh an deis bualadh lenár n-acadóirí den scoth agus leis na mic léinn atá cláraithe faoi láthair ar chúrsaí rochtana, agus féach an bhfuil siad in ann thú a inspreagadh.

**Tuilleadh eolais:**

www.universityofgalway.ie/opendays

www.universityofgalway.ie/mature

www. universityofgalway.ie/adult-learning/conferring/

www. universityofgalway.ie/accesscentre

www.susi.ie

www. universityofgalway.ie/cao/



# Clár





## Ollscoil na Gaillimhe mar Mhac Léinn Lánfhásta


| | |
|---|---|
| Oíche Eolais do Mhic Léinn Lánfhásta | 05 |
| Céard is brí le Mac Léinn Lánfhásta? | 09 |
| Conas Iarratas a Dhéanamh | 10 |
| Scoláireachtaí do Mhic Léinn Lánfhásta | 12 |
| Tacaíochtaí do Mhic Léinn Lánfhásta | 13 |
| Tacaíocht Airgeadais agus Scoláireachtaí | 14 |
| Seirbhís Tacaíochta Míchumais | 17 |
| Filleadh ar an Oideachas – Cúrsaí Dioplóma Rochtana | 18 |
| Iarratais QQI | 20 |





## Cláir Chéim agus Critéir do Mhic Léinn Lánfhásta Treoir Thapa agus Leithdháileadh of Áiteanna




## Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh




## Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí




## Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta




## Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte




## Faisnéis Airgeadais, Ceisteanna Coitianta, Tiontaire Pointí Ardteistiméireachta


*Séanadh: bíodh is go ndéantar gach iarracht a chinntiú go bhfuil ábhar Threoirleabhar na Mac Léinn Lánfhásta cruinn, ní eisítear é ach mar threoir do mhic léinn. Ní chuirtear aon cheangal dlí ar Ollscoil na Gaillimhe dá bhun, agus níl aon cheangal dlí le tuiscint uaidh. D'fhéadfadh athrú teacht ar shiollabais cúrsaí, táillí, rialacháin nó eolas eile atá tugtha, nó iad a chur ar ceal nó a leasú ar bhealach eile ag am ar bith. Ní bhronnann Treoirleabhar na Mac Léinn Lánfhásta aon cheart ar aon chúrsa staidéir ar mhac léinn cláraithe*



# Céard é Mac Léinn *Lánfhásta*?

## Mac Léinn Lánfhásta Céime

Mac Léinn Lánfhásta ar Chéim Lánaimseartha Cáileofar mar iarratasóir lánfhásta thú le haghaidh staidéar lánaimseartha má tá tú 23 bliain d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir, nó roimhe sin, den bhliain ina ndéanann tú d'iarratas agus mura bhfuil do cháilíochtaí Ardteistiméireachta dóthanach chun tú a ligean isteach ar an ngnáthbhealach.

Mar sin, chun iarratas a dhéanamh ar Ollscoil na Gaillimhe don bhliain acadúil 2024, ní mór do do dháta breithe a bheith ar an 1 Eanáir 2001, nó roimhe sin, agus ní mór gnáthchónaí a bheith ort i mBallstát de chuid an AE/LEE ar feadh trí bliana as na cúig bliana seo caite. Is iondúil nach mbíonn mic léinn atá ag freastal ar ollscoil ar bhonn lánaimseartha i bhfostaíocht lánaimseartha.

Sa chás gur thosaigh tú ar chéim ach nár chríochnaigh tú í, ní mór an córas oideachais foirmeálta a bheith fágtha agat ar feadh 5 bliana le go mbeidh tú incháilithe do Tháillí Teagaisc in Aisce an athuair.

Ní bheidh iad siúd a bhfuil céim Leibhéal 8 acu, a d'fhéadfadh a bheith 23 bliain d'aois nó níos sine, i dteideal Táillí Teagaisc in Aisce ach tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh mar Mhac Léinn Lánfhásta. D'fhéadfadh na costais a bheidh i gceist, áfach, a bheith ródhaor don duine ar mian leis/léi staidéar ag an leibhéal sin arís. Moltar dá leithéid de mhic léinn machnamh a dhéanamh ar roghanna staidéir ag an leibhéal Iarchéime.

## Mac Léinn Lánfhásta Páirtaimseartha

Aithníonn an tIonad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh gur mic léinn lánfhásta iad daoine atá 21 bliain d'aois agus níos sine.

## Mac Léinn Lánfhásta Rochtana/ Bonnstaidéir

D'fhéadfadh an rogha seo a bheith oiriúnach duit má tá tú i bhfostaíocht lánaimseartha. Cáileofar mar iarratasóir lánfhásta thú le haghaidh Clár Dioplóma Rochtana/Bonnstaidéir má tá tú 23 bliain d'aois nó níos sine. Má tá tú 22 bliain d'aois agus an t-iarratas á dhéanamh agat, ní mór duit a bheith 23 bliain d'aois roimh an 1 Eanáir chun críche dul ar aghaidh chuig céim lánaimseartha.

Is cúrsa páirtaimseartha bliana an Clár Dioplóma Rochtana Bonnstaidéir a bhfuil sé mar aidhm aige an deis a thabhairt do mhic léinn lánfhásta atá faoi mhíbhuntáiste iad féin a ullmhú, go pearsanta agus go hacadúil, do chúrsa fochéime lánaimseartha a mhairfidh trí bliana ar a laghad in Ollscoil na Gaillimhe.

## Cúrsa Rochtana do Lucht Fágála Scoile

Dearadh an Clár Dioplóma Rochtana Bonnstaidéir do Lucht Fágála Scoile go sonrach do mhic léinn atá 22 bliain d'aois nó níos óige agus a bhfuil cumas staidéir cruthaithe acu ach nach raibh in ann dul chun cinn a dhéanamh i ngeall ar fhadhbanna airgeadais, teaghlaigh, pearsanta nó eile a chuir isteach ar a staidéir agus a chuir bac leo dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal.

**Tuilleadh eolais:**

www.universityofgalway.ie/mature

www.universityofgalway.ie/access

www.universityofgalway.ie/adult-learning

# Conas *Iarratas* a dhéanamh mar Mhac Léinn Lánfhásta do Chéim Lánaimseartha

**Ba cheart do mhic léinn lánfhásta iarratas a dhéanamh ar líne tríd an Lár-Oifig Iontrála (www.cao.ie) roimh an 1 Feabhra i gcás gach ceann de chúrsaí fochéime lánaimseartha Ollscoil na Gaillimhe.**

Thart ar €45 a bhíonn an táille nuair a dhéantar iarratas tríd an CAO. Tá ráta lascainithe €30 ann má dhéanann tú iarratas ar líne roimh an 20 Eanáir. Tá sé tábhachtach an fhoirm iarratais don CAO a líonadh go hiomlán. Gnéithe ríthábhachtach den iarratas don CAO i gcás roinnt clár is ea cáipéisí tacaíochta cosúil le torthaí scrúduithe, sonraí faoin staidéar reatha atá ar siúl agat mar aon le léiriú intinne láidir.

Má bhaineann tú úsáid as an bpróiseas iarratais ar líne, ní mór duit do cháipéisí tacaíochta a sheoladh ar aghaidh chuig an CAO díreach ina dhiaidh, agus d'ainm agus uimhir CAO scríofa go soiléir ar gach cáipéis. Ná seol aon cháipéis chuig Ollscoil na Gaillimhe – ní dhéanfar breithniú orthu. Ní dhéanfar breithniú ar cháipéisí a thacaíonn le d'iarratas chun críche iontrála ach amháin sa chás go raibh sé san áireamh le d'iarratas foirmeálta tríd an CAO. Ní ghlacann Ollscoil na Gaillimhe le hiarratais ó Mhic Léinn Lánfhásta tar éis an spriocdháta, an 1 Feabhra.

Tábhachtach: Ní mór do do cháipéisí tacaíochta a bheith faighte in oifigí an CAO laistigh de sheacht lá ó d'iarratas ar líne a bheith déanta agat. Mar mhac léinn lánfhásta, tá sé ríthábhachtach go gcinnteoidh tú go bhfuil gach faisnéis ábhartha istigh le d'iarratas CAO, lena n-áirítear fianaise maidir le hoideachas foirmeálta, teastais, ráitis phearsanta agus cáipéisí eile a iarradh ort. Má fhágtar an fhaisnéis sin ar lár, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do rathúlacht d'iarratais ar Ollscoil na Gaillimhe.

Cuireann an CAO lámhleabhar cuimsitheach ar fáil, agus tá eolas sainiúil ann maidir le mic léinn lánfhásta. Ní mór é a léamh go cúramach sula ndéanfar an t-iarratas deiridh.

Éilítear le roinnt Clár Céime go gcláróidh an t-iarratasóir, in éineacht lena n-iarratas don CAO, le haghaidh measúnuithe a bhfuil spriocdhátaí éagsúla acu agus dáta tástála amháin. I measc na gclár sin tá Leigheas (HPAT), agus Altranas (NMBI).

**Tuilleadh eolais:**

> www.cao.ie
>
> https://hpat-ireland.acer.org
>
> www.nmbi.ie/Careers-in-Nursing-Midwifery



# *Scoláireachtaí* do Mhic Léinn Lánfhásta

**Tá spreagadh tugtha ag Ollscoil na Gaillimhe do mhic léinn lánfhásta le blianta fada, agus éascaíocht déanta aici dóibh áit a fháil ar a gcláir**

Tá roinnt scoláireachtaí ann ar féidir le hiarratasóirí cur isteach orthu fiú gan tairiscint coláiste a bheith faighte acu. Bronntar scoláireachtaí eile ar bhonn fiúntais, nó ar fhorais shoch-eacnamaíocha.

**Áirítear leis na scoláireachtaí:**

- Scoláireachtaí do Mhic Léinn Lánfhásta
- Scoláireachtaí Uversity

Baineann siad seo go háirithe le Mic Léinn Lánfhásta. Téigh chuig universityofgalway.ie/mature/scholarships chun sonraí gach scoláireachta a fháil, mar aon le spriocdhátaí agus critéir incháilitheachta.

Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm

**Tuilleadh eolais:**
www.universityofgalway.ie/mature/scholarships/

# *Tacaíochtaí* do Mhic Léinn Lánfhásta

**Seo a leanas roinnt de na seirbhísí tacaíochta do mhic léinn ar féidir leat leas a bhaint astu mar mhac léinn lánfhásta lánaimseartha:**

## An clár Filleadh ar an bhFoghlaim

Reáchtálann an tIonad Rochtana an clár Filleadh ar an bhFoghlaim i mí Lúnasa do mhic léinn Lánfhásta agus Rochtana nua chun iad a ullmhú go hacadúil, go sóisialta agus go praiticiúil sula dtosófar an seimeastar. Sraith ceardlann atá i gceist leis an gclár, agus san áireamh iontu tá seisiúin phraiticiúla ar scileanna staidéir, teicnící cuimhne, ríomhaireacht phraiticiúil mar aon le comhairle faoin gcaoi an t-aistriú go hoideachas tríú leibhéal a dhéanamh agus eolas faoi sheirbhísí tacaíochta atá ar fáil san Ollscoil. Deis atá sna ceardlanna sin bualadh le mic léinn lánfhásta eile, cairdeas a bhunú agus eolas a chur ar ár gcampas.

## Seisiún Eolais

Reáchtálann an Ollscoil seachtain eolais ag tús Mheán Fómhair do gach mac léinn nua sa chéad bhliain, agus bíonn deis ann éisteacht le cainteanna ó Dhéin na gColáistí, foghlaim faoi thacaíochtaí acadúla agus pearsanta, d'amchlár a fháil agus turas a thabhairt ar an leabharlann.

## Na Tacaíochtaí Acadúla atá ar fáil

Anuas ar na croí-ábhair a ndéantar staidéar orthu ar chúrsa Rochtana, reáchtálann Ollscoil na Gaillimhe roinnt ceardlann i rith na bliana acadúla chun scileanna praiticiúla a mhúineadh, cosúil le scríbhneoireacht acadúil, scileanna taighde, scileanna staidéir praiticiúla, teicnící athbhreithnithe agus ullmhú do na scrúduithe. Is féidir le gach mac léinn freastal ar na ceardlanna sin.

Tá tacaíocht don mhatamaitic ar fáil do gach mac léinn san ionad SUMS.

Cuireann an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla (AWC) tacaíochtaí praiticiúla ar fáil faoin gcaoi le haistí a scríobh agus feabhas a chur ar do chur chuige do thascanna scríofa. Tá socrú sainiúil déanta acu leis an Ionad Rochtana chun tacú lenár mic léinn Rochtana.

Tá acmhainní staidéir ar líne ar fáil trí Canvas, arb é ár gcóras foghlama inmheánach é.

Téigh chuig www.universityofgalway.ie/student-services/ chun eolas a fháil faoi thacaíochtaí eile do mhic léinn cosúil leis an tSéiplíneacht, Comhairleoireacht agus seirbhísí Naíolainne.

**Find out more:**

- www.universityofgalway/academic-skills
- www.library.universityofgalway/awc
- www.universityofgalway/public-sites/s-u-m-s
- www.universityofgalway/students

# Tacaíochtaí *Airgid* agus Scoláireachtaí

**Tá roinnt scoláireachtaí ann ar féidir le hiarratasóirí cur isteach orthu fiú gan tairiscint coláiste a bheith faighte acu. Bronntar scoláireachtaí eile ar bhonn fiúntais, nó ar fhorais shoch-eacnamaíocha. Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm**

**Tuilleadh eolais:**
www.universityofgalway.ie/mature/scholarships/

## Scoláireacht Iontrála do Mhic Léinn Lánfhásta

Bronnann an Ollscoil roinnt Scoláireachtaí Iontrála gach bliain ar mhic léinn lánfhásta bunaithe ar ghráid.

## Scoláireacht Uversity

Is le haghaidh foghlaimeoirí aosaigh ar mian leo Céim Bhaitsiléara (Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal) a dhéanamh den chéad uair Scoláireachtaí Uversity.

**Chun sonraí iomlána maidir le scoláireachtaí a fháil, téigh chuig**
www.universityofgalway.ie/accesscentre/scholarships/

## Ciste Cúnaimh Airgeadais

Bíonn deacrachtaí airgid ag mic léinn uaireanta le linn dóibh a bheith ag freastal ar an ollscoil ainneoin go mbíonn siad cúramach lena gcuid airgid. Tá gach mac léinn lánaimseartha atá ag freastal ar chúrsa a mhaireann bliain ar a laghad agus a mbeidh cáilíocht fochéime mar thoradh air i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gCiste Cabhrach Airgeadais. Déantar tástáil maoine ar iarratasóirí (faoina gcuirtear staid airgeadais agus cúinsí an teaghlaigh san áireamh). Is iondúil go mbíonn na foirmeacha iarratais ar fáil ar líne ag deireadh Mheán Fómhair/tús Dheireadh Fómhair.

**Téigh chuig** www.universityofgalway.ie/financialaidfund chun tuilleadh eolais a fháil.

## Ciste Sparántachta 1916

Tá na Sparántachtaí dírithe ar mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus arb as ceann amháin nó níos mó de na spriocghrúpaí seo a leanas iad, ar grúpaí iad a bhfuil rátaí rannpháirtíochta ísle acu san ardoideachas.

Tabharfar sparántacht arbh fhiú €5,000 í do gach mac léinn a mbronnfar Sparántacht 1916 air/uirthi agus déanfar an íocaíocht sin gach bliain den chlár fochéime. Íocfar an sparántacht gach bliain den chúrsa ar feadh tréimhse suas le ceithre bliana i gcás mic léinn lánaimseartha agus sé bliana i gcás mic léinn páirtaimseartha, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an faighteoir treoirlínte na sparántachta agus go leanann sé/sí ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile dá c(h)úrsa. Scéim mhaoinithe spriocdhírithe atá i gceist le Ciste Sparántachta 1916 arna bunú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna d'fhonn tacú le forfheidhmiú an Phlean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas.

**Tá sonraí iomlána ar fáil ag**
www.universityofgalway.ie/accesscentre/scholarships/1916bursary-fund

## Scoláireacht Ollscoile Tearmainn

Féachann tionscnamh na hOllscoile Tearmainn in Ollscoil na Gaillimhe le feasacht an phobail a mhéadú maidir leis na topaicí sin a bhaineann le Cosaint Idirnáisiúnta agus le pobal Taistealaithe ar an gcampas. Tá sé mar aidhm aige dul i ngleic leis na leibhéil ísle rannpháirtíochta in earnáil an oideachais tríú leibhéal atá ag Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, ag dídeanaithe, ag grúpaí inimirceacha leochaileacha agus ag pobal Taistealaithe na hÉireann. Is minic nach féidir leis na grúpaí sin rochtain a fháil ar an gcóras oideachais i ngeall ar chonstaicí sóisialta, agus creidimid gur féidir linn tabhairt faoi ghníomhartha a fhágfaidh go mbeidh campas Ollscoil na Gaillimhe i bhfad níos cuimsithí agus cothroime.

Mar chuid den tionscnamh seo, tá roinnt scoláireachtaí á dtabhairt isteach againn do chúrsaí fochéime agus iarchéime araon in Ollscoil na Gaillimhe. Beidh iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, dídeanaithe, grúpaí inimirceacha leochaileacha agus pobal Taistealaithe na hÉireann i dteideal cur isteach ar na scoláireachtaí sin.

Tá sonraí iomlána ar fáil ag www.universityofgalway.ie/sanctuary nó trí ríomhphost a sheoladh chuig uni.sanctuary@universityofgalway.ie





# An tSeirbhís *Tacaíochta* Míchumais

**Tacaíocht do mhic léinn faoi mhíchumas, a bhfuil riocht fisiciúil nó meabhairshláinte acu nó a bhfuil saindeacracht foghlama acu.**

Moltar do mhic léinn atá faoi mhíchumas, a bhfuil riocht sláinte leanúnach (fisiciúil nó meabhrach) ag gabháil dóibh, nó saindeacracht foghlama clárú le Seirbhís Tacaíochta Míchumais Ollscoil na Gaillimhe. Tá isteach is amach le mac léinn amháin as gach fiche mac léinn in Ollscoil na Gaillimhe cláraithe leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin tseirbhís seo agus faoin gcaoi le clárú ag www.universityofgalway.ie/disability/.

Ceann amháin nó níos mó acu seo a leanas a bhíonn ag gabháil do na mic léinn a chláraíonn leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais:

- Neamhord ar speictream an uathachais (ASD)
- Neamhord Easnamh Airde (ADD)/Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (ADHD)
- Dall/lagú amhairc
- Bodhar/lagú éisteachta
- Riocht néareolaíoch, a n-áirítear leis sin titimeas agus gortú inchinne
- Neamhord cumarsáide urlabhra agus teanga
- Míchumas fisiciúil, a n-áirítear leis sin fadhbanna soghluaisteachta
- Neamhord comhordaithe forbartha (DCD) - Diospraicse/Diosgraife
- Riocht meabhairshláinte
- Drochthinneas leanúnach
- Saindeacracht foghlama (SLD), a n-áirítear leis sin disléicse nó dioscalcúile

## Cláraigh le haghaidh tacaíocht mhíchumais

Beidh ort an fhoirm chlárúcháin ar líne a chomhlánú ag https://www.universityofgalway.ie/disability/ chun clárú le haghaidh tacaíochta, agus fianaise a chur ar fáil maidir le do mhíchumas, do riocht sláinte leanúnach nó do shaindeacracht foghlama. A luaithe is a leagtar isteach an fhoirm, déanfar teagmháil leis an mac léinn agus socrófar coinne le Comhairleoir Míchumais chun measúnú riachtanas a dhéanamh.

Déanfar cinntí maidir le tacaíocht agus cóiríocht réasúnta i bhfianaise an méid a thagann chun solais sa mheasúnú riachtanais; nádúr agus tionchar do mhíchumais, fianaise maidir leis an míchumas, agus riachtanais an chúrsa.

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig https://www.universityofgalway.ie/disability/, seol ríomhphost chuig disabilityservice@universityofgalway.ie, cuir glaoch ar +353 91 492813 nó buail isteach chuig an Ionad Rochtana, Urlár na Talún, Áras Uí Chathail.

# Filleadh ar an Oideachas – Cláir *Dioplóma* Rochtana

**Cuireann Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe cláir dioplóma Rochtana agus Bonnstaidéir ar fáil, ar cúrsaí réamh-ollscoile ullmhúcháin iad, do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas, agus áirítear leis sin iad siúd ar de chúlra soch-eacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste iad, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn lánfhásta, iad siúd atá fostaithe san áireamh.**

Tá na cláir ullmhúcháin seo dírithe ar an mac léinn, agus cuireann teagascóirí agus comhaltaí foirne oilte i láthair i dtimpeallacht thacúil iad. An mórchuspóir atá leo deis a thabhairt do chách freastal ar an gcoláiste agus dul ar aghaidh chuig cúrsa céime lánaimseartha nó páirtaimseartha ar chríochnú an bhonnchúrsa bliana dóibh. Téann níos mó ná 200 mac léinn ar aghaidh chuig an ollscoil gach bliain, agus éiríonn thar cionn leo ina gcúrsaí céime nua. Cuireann an tIonad Rochtana tacaíocht leanúnach ar fáil do gach mac léinn.

## Ábhair

Tairgtear ábhair i réimse na nDaonnachtaí, na hEolaíochta agus an Ghnó in éineacht le bunábhair cosúil le Scríbhneoireacht Acadúil, Scileanna Staidéir, Teicneolaíocht agus Treoir maidir le Gairmeacha/Coláiste. Ar chríochnú an chúrsa sin dóibh, agus gráid faoi leith a bheith bainte amach, téann mic léinn ar aghaidh chuig céimeanna lánaimseartha sna réimsí sin, agus san áireamh leis sin tá na hEolaíochtaí Sláinte, Dlí agus Innealtóireacht.

Is ionann Mic Léinn Lánfhásta agus iad siúd atá 23 bliain d'aois nó níos sine.

Is ionann Lucht Fágála Scoile agus iad siúd atá 22 bliain d'aois nó níos óige.

## Cúrsaí For-rochtana

Reáchtáiltear na cláir in aisce seo in ionaid cosúil le Tuaim agus an Cheathrú Rua, ar cúrsa dátheangach é. Bíonn idir Mhic Léinn Lánfhásta agus Lucht Fágála Scoile ar de chúlra faoi mhíbhuntáiste iad ag freastal ar na cúrsaí sin. Bíonn deis ag na rannpháirtithe dul ar aghaidh chuig Ollscoil na Gaillimhe.

## Dioplóma sa Bhonnstaidéar - Eolaíocht, Teicneolaíocht & Innealtóireacht

Comhdhioplóma é seo a chuirtear ar fáil i gcomhar leis an ATU. Tá táillí le híoc ar an gcúrsa seo, a bhfuil dhá thráthnóna i gceist leis, agus roinnt seisiún ar an Satharn ó mhí Mheán Fómhair go Bealtaine. Tá sé feiliúnach dóibh siúd atá 22 bliain d'aois nó níos sine agus ar spéis leo dul ar aghaidh chuig céim lánaimseartha nó pháirtaimseartha in Ollscoil na Gaillimhe nó in ATU i réimsí cosúil le hInnealtóireacht, Eolaíocht, Ríomheolaíocht nó na hEolaíochtaí Sláinte. I measc na n-ábhar acadúil tá Matamaitic, Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic. Áirítear leis na modúil tacaíochta Scríbhneoireacht Acadúil, Scileanna Staidéir, Teicneolaíocht agus Treoir maidir le Gairmeacha agus Coláiste. €380 an táille dóibh siúd atá fostaithe, agus €60 don té atá dífhostaithe.



## Dioplóma sa Bhonnstaidéar - Gnó, na Dána agus Dlí

Comhdhioplóma é seo a chuirtear ar fáil i gcomhar leis an ATU. Tá táillí le híoc ar an gcúrsa seo, a bhfuil dhá tráthnóna i gceist leis, agus roinnt seisiún ar an Satharn ó mhí Mheán Fómhair go Bealtaine. Tá sé feiliúnach dóibh siúd atá 22 bliain d'aois nó níos sine agus ar spéis leo dul ar aghaidh chuig céim lánaimseartha nó páirtaimseartha in Ollscoil na Gaillimhe nó in ATU i réimsí cosúil le Gnó, na Dána agus Dlí. Áirítear leis na modúil tacaíochta Scríbhneoireacht Acadúil, Scileanna Staidéir, Teicneolaíocht agus Treoir maidir le Gairmeacha agus Coláiste, agus áirítear leis na hábhair acadúla Matamaitic, Eacnamaíocht, Scileanna Gnó agus Cuntasaíocht. €380 an táille dóibh siúd atá fostaithe, agus €60 don té atá dífhostaithe.

## An Critéir chun Dul ar Aghaidh chuig Cúrsa Céime, nó Scoláireacht a Fháil

Ní mór gach Modúl a thugtar faoi ar chúrsa Rochtana agus Dioplóma a chríochnú, agus pas a fháil, agus éilítear ráta tinrimh 85%. Is sa seomra ranga a reáchtálfar gach cúrsa, beidh 2 sheimeastar ann, agus beidh idir scrúduithe, thascanna agus mheasúnú leanúnach i gceist leo. I gcás roinnt cúrsaí céime, na hEolaíochtaí Sláinte (Lucht Fágála Scoile) agus Altranas san áireamh, ní mór grád A a bheith faighte in ábhair faoi leith, agus teastaíonn taithí oibre phraiticiúil.

Maidir leis na mic léinn sin ar mian leo dul ar aghaidh chuig cúrsa céime lánaimseartha, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar an CAO roimh an 20 Eanáir chun tairbhe a bhaint as an táille lascainithe €30. Bronntar áiteanna ar chúrsaí céime bunaithe ar ghráid agus ar mhéid na hiomaíochta atá ann d'áiteanna. D'fhéadfadh mic léinn lánfhásta áirithe, a bhfuil caighdeáin arda bainte amach acu, atá ag dul isteach i gcéad bhliain cúrsa céime lánaimseartha scoláireacht €1,500 a fháil, faoi réir ag téarmaí agus coinníollacha. D'fhéadfadh maoiniú eile a bheith ar fáil tríd an gCiste Cabhrach Airgeadais agus trí Chistí Rochtana do Lucht Fágála Scoile.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Déantar iarratais do gach Bonnchlár Rochtana Dioplóma ar líne. Beidh agallamh i gceist. Tá treoracha faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh ar fáil ar láithreán gréasáin an Ionaid Rochtana.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar an Dioplóma sa Bhonnstaidéar san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht/Gnó, na Dána agus Dlí ar líne ó mhí Iúil ar aghaidh. Níl aon agallamh i gceist. Cuirfear eolas ar fáil ar láithreán gréasáin an Ionaid Rochtana.

**Tuilleadh eolais:**

www.universityofgalway.ie/access

www.universityofgalway.ie/mature/part-time

# Iarratais QQI (FETAC)

**Tá roinnt clár fochéime in Ollscoil na Gaillimhe oscailte ar bhonn iomaíoch do mhic léinn a bhfuil cáilíocht aitheanta QQI (FETAC) acu.**

D'fhonn áit a fháil ar na cláir seo, ní mór do na mic léinn an cúrsa riachtanach Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 a bheith curtha i gcrích acu agus ar a laghad cúig phas le gradam sna modúil riachtanacha a bheith faighte acu.

Chun an liosta is deireanaí agus is cuimsithí de bhealaí iontrála QQI (FETAC) agus na riachtanais iontrála a fháil, féach láithreán gréasáin an CAO nó labhair leis an gComhairleoir Oideachais i do choláiste breisoideachais.

Tabhair faoi deara nach bhfuil ach líon teoranta áiteanna d'iarratasóirí QQI ar chláir chéime. Déantar cuótaí na n-áiteanna a fhógairt ar láithreán gréasáin na hOifige Iontrála.

## Altranas

Má tá cúrsa réamh-altranas á dhéanamh agat agus tú 23 bliain d'aois nó níos sine, is féidir leat iarratas a dhéanamh chomh maith mar Mhac Léinn Lánfhásta agus an scrúdú altranais a dhéanamh chomh maith le do chúrsa QQI a chríochnú le go mbeidh an dara seans agat áit a fháil ar an gcúrsa altranais. Ní mór gach iarratas ar chéim lánaimseartha a bheith déanta roimh an 1 Feabhra i mbliain an iarratais tríd an CAO.

**Tuilleadh eolais:**

www.universityofgalway.ie/accesscentre/qqifetac/

www.cao.ie

www.nmbi.ie/Careers-in-Nursing-Midwifery



# Treoir Ghasta *do* Mhic Léinn Lánfhásta:

**I gcás gach céim, bíonn measúnuithe i gceist, agallaimh nó critéir acadúla, agus cuirtear breisoideachas san áireamh. Féach ar an treoir seo, le do thoil, chun eolas mionsonraithe a fháil faoi gach critéar iarratais. Bíodh Léiriú Intinne agus Eolas atá Ábhartha don chúrsa céime a bhfuil tú ag cur isteach air san áireamh le gach iarratas CAO. Bíodh leathanaigh bhreise ann más gá.**

| Cód an chúrsa | Ainm an chúrsa | Áiteanan tugtha do Mhic Léinn Lánfhásta 2023 | Treoir Ghasta do Mhic Léinn Lánfhásta |
|---|---|---|---|
| GY101 | Baitsiléir sna Dána(Comhonóracha) | Neamhtheoranta | Torthaí Ardteistiméireachta nó Breisoideachais, fianaise de chumas acadúil |
| GY104 | BSc (Psychology) | 1 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le Breisoideachas i Síceolaíocht, Léiriú Intinne láidir |
| GY105 | History | Neamhtheoranta | Torthaí Ardteistiméireachta nó Breisoideachais, fianaise de chumas acadúil |
| GY109 | Arts (Mathematics and Education) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le Matamaitic na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal), Taithí agus Léiriú Intinne Láidir |
| GY110 | Arts with Children's Studies (AWC) / Arts (Children's Studies) (ACS) | 4 | Na critéir chéanna le GY101. Cúlra i Staidéar Leanaí nó Óige trí bhreisoideachas agus Taithí Oibre inmhianaithe. Tabhair le fios ar d'iarratas don CAO cé acu de shruthanna GY110 ar mhaith leat a staidéar a dhéanamh air. |
| GY111 | Arts (English and Creative Writing) | 4 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise d'obair scríofa nó foilsithe agus staidéar i réimse ábhartha le déanaí |
| GY113 | Human Rights with Arts | 4 | Na critéir chéanna le GY101. Inmhianaithe: taithí oibre/ saoil agus breisoideachas a bhaineann le Cearta Daonna |
| GY118 | Bachelor of Arts in Drama, Theatre & Performance Studies | 2 | Na critéir chéanna le GY101. Inmhianaithe: taithí oibre/ saoil agus breisoideachas in amharclannaíocht |
| GY119 | BA with Journalism | 1 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le taithí oibre/ saoil agus breisoideachas sa scríbhneoireacht. |
| GY122 | Na Dána (Cumarsáid) | 2 | Gaeilge na hArdteistiméireachta scrúdú scríofa agus béil (Ardleibhéal), measúnú scríofa agus agallamh |
| GY123 | BSc Social Sciences | 3 | Na critéir chéanna le GY10. Inmhianaithe: taithí oibre/ saoil agus breisoideachas i bhfadhbanna sóisialta |
| GY125 | Arts (Digital Arts and Technology) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le Matamaitic Ardteistiméireachta. Fianaise de thaithí TF i ndearadh gréasáin agus códáil inmhianta |
| GY127 | Arts (Film and Digital Media) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise go bhfuil spéis ag an iarratasóir i scannáin agus sa scáileán mar aon le cur síos gairid ar thopaic i réimse na meán de do rogha féin, agus sonraí faoi aon chúrsa breisoideachais atá déanta i réimse ábhartha. |
| GY128 | Arts (Global Languages) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise go bhfuil luí ag an iarratasóir le teangacha trí chúrsaí breisoideachais a bheith déanta, trí roghanna na hArdteistiméireachta nó trí thaithí shaoil a bheith faighte i dtír nach labhraítear Béarla inti. |
| GY129 | Arts (Global Experience) | Neamhtheoranta | Na critéir chéanna le GY101 |
| GY130 | Arts (Music) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le cumas ceol a léamh |
| GY132 | Government (Politics, Economics and Law) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 |
| GY133 | BA Education (Computer Science and Mathemathical Studies | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le Matamaitic (Ardleibhéal) |
| GY134 | BSc (Geography and Geosystems) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise de chumas eolaíochta agus matamaitice ón Ardteistiméireacht nó a chomhionann. |
| GY135 | Arts (Global Media) | 2 | Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise go bhfuil spéis ag an iarratasóir sna meáin agus go bhfuil cúrsaí breisoideachais déanta i réimse ábhartha. |
| GY136 | BA Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin | 2 | Fianaise de Ghaeilge ón Ardteistiméireacht. Agallamh Gaeilge agus Scrúdú Scríofa Gaeilge riachtanach. |
| GY137 | Child, Youth and Family: Policy and Practice | 2 | Na critéir chéanna le GY101 . Inmhianaithe: Cúlra breisoideachais i Staidéar Leanaí nó Óige agus Taithí Oibre. |
| GY201 | Commerce | Neamhtheoranta | I measc na gcritéar roghnúcháin, tá measúnú ar chumas an iarrthóra tabhairt faoin gclár, agus leas a bhaint as. Cuirtear taithí agus cúlra oideachais san áireamh. Fianaise go bhfuil luí ag an iarratasóir le matamaitic ina bhuntáiste. Níl agallamh i gceist. |
| GY202 | Commerce with French | Neamhtheoranta | Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, ní mór duit fianaise a sholáthar go bhfuil staidéar déanta agat ar an bhFraincis agus teastais/dioplómaí bainte amach sa teanga sin. |
| GY203 | Commerce with German | Neamhtheoranta | Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, ní mór duit fianaise a sholáthar go bhfuil staidéar déanta agat ar an nGearmáinis agus teastais/dioplómaí bainte amach sa teanga sin. |
| GY204 | Commerce with Spanish | Neamhtheoranta | Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, ní mór don iarrthóir a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil ar a c(h)umas nuatheangacha a fhoghlaim. |
| GY206 | Business Information Systems | Neamtheoranta | Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, caithfidh an t-iarrthóir a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil luí acu le matamaitic (de ghnáth, Ardteistiméireacht Gnáth Leibhéal). |

| Cód an chúrsa | Ainm an chúrsa | Áiteanan tugtha do Mhic Léinn Lánfhásta 2023 | Treoir Ghasta do Mhic Léinn Lánfhásta |
|---|---|---|---|
| GY207 | Commerce (Accounting) | Neamhtheoranta | Na critéir chéanna le GY201. Freisin, ní mór d'iarrthóirí staidéar a bheith déanta acu ar mhatamaitic ag leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann. Bheadh caighdeán maith Béarla ina bhuntáiste. Tá sé inmhianaithe go mbeadh luí ag iarrthóirí le Cuntasaíocht (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil), agus modúil agus scrúduithe a bheith déanta acu ar chúrsa do Theicneoirí Cuntasaíochta nuair is féidir. |
| GY208 | Baitsiléir sa Tráchtáil (Gaeilge) | 2 | Na critéir chéanna le GY201 agus H3/H4 i nGaeilge na hArdteistiméireachta. |
| GY209 | Commerce (Global Experience) Places to be approved | 2 | Na critéir chéanna le GY201. |
| GY261 | Bachelor of Business Studies (International Hotel Management) | 1 | Na critéir chéanna le GY201. |
| GY250 | Law & Business | Neamhtheoranta | I measc na gcritéar roghnúcháin tá inniúlacht do staidéar dlíthiúil, Cuntasaíocht, Matamaitic agus an dóchúlacht go gcríochnóidh an t-iarrthóir an cúrsa go rathúil. Anuas air sin, teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh. |
| GY251 | Law (BCL) | Neamhtheoranta | Teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh. |
| GY252 | Law (BCL) and Human rights | 1 | Teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO mar aon le fianaise gur tugadh faoi obair dheonach le saincheisteanna a bhaineann le Cearta an Duine. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (Leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh. |
| GY253 | Law and Taxation | 1 | Na critéir chéanna le GY250. |
| GY254 | Law (BCL) Criminology and Criminal Justice | 1 | Teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh. |
| GY301 | Science (Undenominated) | Neamhtheoranta | Ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil Matamaitic agus Eolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta, nó a gcomhionann ó chúrsaí breisoideachais ag an iarrthóir. Bíodh tras-scríbhinn de na torthaí a fuair tú san Ardteistiméireacht sa |
| GY303 | Biomedical Science | Neamhtheoranta | Ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil Matamaitic agus Eolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta, nó a gcomhionann ó chúrsaí breisoideachais ag an iarrthóir. Bíodh tras-scríbhinn de na torthaí a fuair tú san Ardteistiméireacht san áireamh, le do thoil. |
| GY304 | Biotechnology | Neamhtheoranta | |
| GY308 | Environmental Science | Neamhtheoranta | |
| GY309 | Financial Mathematics and Economics | Neamhtheoranta | |
| GY310 | Marine Science | Neamhtheoranta | |
| GY313 | Health and Safety Systems | Neamhtheoranta | |
| GY314 | Earth and Ocean Sciences | Neamhtheoranta | |
| GY318 | Biopharmaceutical Chemistry | Neamhtheoranta | |
| GY319 | Mathematical Science | Neamhtheoranta | |
| GY320 | Physics with degree options | Neamhtheoranta | |
| GY321 | Genetics and Genomics | Neamhtheoranta | |
| GY322 | Agricultural Sciences | Neamhtheoranta | Teastaíonn fianaise go bhfuil cumas matamaitice agus eolaíochta ag an iarrthóir ón Ardteistiméireacht, Eolaíocht Talmhaíochta san áireamh. Breisoideachas i réimse ábhartha ina bhuntáiste. |
| GY401 | Engineering (Undenominated) | Neamhtheoranta | Tá grád C3 ar a laghad i Matamaitic (Ardleibhéal)(H5) inmhianaithe agus fianaise go ndearna an t-iarrthóir staidéar ar an eolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann. Déanfar breithniú ar ábhair IT agus Líníochta Teicniúla; bíodh tras-scríbhinn de na torthaí a fuair tú san Ardteistiméireacht san áireamh, le do thoil. |
| GY402 | Civil Engineering | Neamhtheoranta | |
| GY405 | Mechanical Engineering | Neamhtheoranta | |
| GY406 | Electronic and Computer Engineering | Neamhtheoranta | |
| GY408 | Biomedical Engineering | Neamhtheoranta | |
| GY410 | Project and Construction Management | Neamhtheoranta | |
| GY413 | Engineering - Energy Systems | Neamhtheoranta | |
| GY414 | Engineering - Electrical and Electronic | Neamhtheoranta | |
| GY350 | Computer Science and Information Technology | Neamhtheoranta | Tá grád C3 ar a laghad i Matamaitic (Ardleibhéal)(H5) inmhianaithe agus fianaise go ndearna an t-iarrthóir staidéar ar an eolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann. Déanfar breithniú ar ábhair IT agus Ríomhchlárúchán; bíodh tras-scríbhinn de na torthaí a fuair tú san Ardteistiméireacht san áireamh, le do thoil. |
| GY501 | Medicine (Surgery and Obstetrics) | 5 | Tá grád C2/H4 ar a laghad riachtanach in ábhar eolaíochta saotharlainne Ardteistiméireachta ag an ardleibhéal (i.e. Ceimic, Fisic, Bitheolaíocht, Fisic le Ceimic (le chéile) nó Eolaíocht Talmhaíochta) nó a chomhionann. Caithfear an scrúdú HPAT a bheith déanta. Beidh agallamh i gceist do mhic léinn ar an ngearrliosta. |
| GY502 | Occupational Therapy | 2 | Eolaíocht na hArdteistiméireachta agus taithí oibre i réimse cúraim sláinte ag teastáil roimh sula bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar áit a thabhairt do dhuine ar chúrsa Teiripe Saothair, Teiripe Urlabhra agus Teanga nó Cosliacht. Teastaíonn léiriú intinne láidir i d'iarratas CAO. |
| GY503 | Speech and Language Therapy | 2 | Eolaíocht na hArdteistiméireachta agus taithí oibre i réimse cúraim sláinte ag teastáil roimh sula bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar áit a thabhairt do dhuine ar chúrsa Teiripe Saothair, Teiripe Urlabhra agus Teanga nó Cosliacht. Teastaíonn léiriú intinne láidir i d'iarratas CAO. |
| GY504 | Podiatric Medicine | 2 | Eolaíocht na hArdteistiméireachta agus taithí oibre i réimse cúraim sláinte ag teastáil roimh sula bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar áit a thabhairt do dhuine ar chúrsa Teiripe Saothair, Teiripe Urlabhra agus Teanga nó Cosliacht. Teastaíonn léiriú intinne láidir i d'iarratas CAO. |
| GY515 | Nursing Science (General) | 9 | Tástáil Altranais. |
| GY516 | Mental Health Nursing | 5 | Tástáil Altranais. |
| GY517 | Midwifery Science | 4 | Tástáil Altranais. |

“

I’ve always been fascinated by the medical side of things. Both in terms of being supportive, empathetic, and caring, as well as the physical/academic side of anatomy and how the body works. When I discovered there was a healthcare assistants’ program, I thought it was fantastic and that I would be able to fulfil my dream in part, so I enrolled in FETAC. Then an opportunity arose to do an Access Course, science route, at University of Galway during the pandemic.

Two nights a week to reacquaint myself with life after leaving school, even though I never truly stopped (small courses) - constantly striving to achieve a pinnacle where my aim and dream could be realized. We were guided through the entire process by fantastic, experienced tutors who provided us with all the extra aid we needed, particularly in arithmetic and academic writing.

I was encouraged to apply through the CAO process and then again through the NMBI, as they had a different testing process. The dream of one day attending university was always in the back of my mind. However, all the normal anxieties of cost, time, transport still over clouded the prospects.

I was overjoyed with my Access Course results, and the knowledge and experience I gained were fantastic. I was offered a place in Midwifery – I had never imagined that I would be able to attend University, let alone such a difficult course. We were given academic advisors, linked in with funding organisations and told where we could always get support and guidance. I am pleased to say that I have completed my first year and am completely impressed with the course, my future prospects, and the opportunity to live my dream. If I can encourage anyone, no matter your age or circumstances – if I can, you can!

**Karen Strydom**
47, *Midwifery*



# Coláiste *na* nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltig

**Tá Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh ar thús cadhnaíochta na smaointeoireachta úire i ngach ábhar atá á thairiscint againn laistigh dár gcláir. Dearadh ár gcéimeanna le go spreagfar d'fhiosracht intleachtúil agus go bhforbrófar do chumas smaoineamh ar bhealaí cruthaitheacha agus criticiúla.**

## GY101 Baitsiléir sna Dána (Comhonóracha)

Bunófar an critéar measúnaithe ar mheascán de:

- Torthaí Ardteistiméireachta ina iomláine (nó a chomhionann, más cuí)
- Torthaí Ardteistiméireachta in ábhar áirithe (más cuí)
- Aon chúrsa/ clár eile atá curtha i gcrích agat.
- Fianaise de líofacht i mBéarla, do chainteoirí neamhdhúchasacha Gaeilge nó Béarla.
- Fianaise de chumas acadúil gur féidir a dhearbhú ón iarratas agus/nó taithí ghairmiúil.

## CÉIMEANNA BA AINMNITHE

*(Ní mór Léiriú Intinne a bheith ag gabháil le d'iarratas CAO)*

**GY104 Baitsiléir sna Dána (Psychology)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise gur tugadh faoi bhreisoideachas i réimse na síceolaíochta. Is féidir staidéar a dhéanamh ar tsíceolaíocht tríd an Baitsiléir sna Dána (Comhonóracha) GY101. Moltar an dá chláir a chur ar a n-iarratas don CAO.

**GY105 Baitsiléir sna Dána (History)**

Na critéir chéanna le GY101 (Níl Léiriú Intinne ag teastáil san iarratas CAO)

**GY109 Baitsiléir sna Dána (Mathematics and Education)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le Matamaitic na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal).

**GY110 Bachelor of Arts with Children's Studies (Child and Youth studies)**

Na critéir chéanna le GY101. Inmhianaithe: eolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist. Tabhair le fios ar d'iarratas don CAO cé acu de shruthanna GY110 ar mhaith leat a staidéar.

**GY111 Bachelor of Arts with Creative Writing**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le heolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair scríofa mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist.

**GY113 Bachelor of Arts with Human Rights**

Na critéir chéanna le GY101. Inmhianaithe: eolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist.

# Coláiste *na* nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltig *(ar lean)*

**GY118 Bachelor of Arts in Drama, Theatre & Performance Studies**

Critéír a bhaineann le GY101. Inmhianaithe: eolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist.

**GY119 Bachelor of Arts Journalism**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le heolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist.

**GY123 BSc (Social Sciences)**

Na critéir chéanna le GY101. Inmhianaithe: eolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist.

**GY125 Baitsiléir sna Dána (Digital Arts and Technology)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le Matamaitic na hArdteistiméireachta. Tá sé inmhianaithe go mbeadh an t-iarratasóir in ann a thaispeáint go bhfuil suim aige nó aici i dTeicneolaíocht Faisnéise, agus/nó taithí léi. Ba cheart go mbeadh léiriú intinne láidir ann ina léirítear eolas faoin gcéim, an t-inspreagadh atá agat tabhairt faoin staidéar, mar aon le sonraí faoi aon chúrsa breisoideachais a rinneadh le blianta beaga anuas.

**GY127 Baitsiléir sna Dána (Film and Digital Media)**

Na critéir chéanna le GY101 agus fianaise go bhfuil spéis ag an iarratasóir i scannáin agus sa scáileán mar aon le cur síos gairid ar thopaic i réimse na meán de do rogha féin, agus sonraí faoi aon chúrsa breisoideachais atá déanta i réimse ábhartha.

**GY128 Baitsiléir sna Dána (Global Languages)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise ar theangacha domhanda, gan an Bhéarla san áireamh.

**GY129 Baitsiléir sna Dána (Global Experience)**

Na critéir chéanna le GY101

**GY130 Baitsiléir sna Dána (Music)**

Na critéir chéanna le GY101 agus an cumas ceol a léamh.

**GY132 Government (Politics, Economics and Law)**

Na critéir chéanna le GY101.

**GY133 BA Education (Computer Science and Mathematical Studies)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le H5 i Matamaitic na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal).

**GY134 BSc (Geography and Geosystems)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise maidir le torthaí Matamaitice agus Eolaíochta ón Ardteistiméireacht, nó breisoideachas sna réimsí sin. Ní mór inniúlacht sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith ag an iarratasóir. Léiriú intinne láidir san iarratas CAO a thugann le fios go bhfuil an t-iarratasóir eolasach faoin gcéim.

**GY135 Baitsiléir sna Dána (Global Media)**

Na critéir chéanna le GY101 mar aon le fianaise go bhfuil spéis ag an iarratasóir sna meáin, agus go bhfuil cúrsaí breisoideachais déanta i réimse ábhartha. Teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO a thugann le fios go bhfuil an t-iarratasóir eolasach faoin gcéim, agus tiomanta di.

# Coláiste *na* nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltig *(ar lean)*

**GY137 Bachelor of Arts (Child, Youth and Family: Policy and Practice)**

Na critéir chéanna le GY101. Inmhianaithe: eolas faoin gcéim, fianaise maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais déanta i réimse ábhartha. D'fhéadfadh agallamh a bheith i gceist.

**GY122 Na Dána (Cumarsáid agus Gaeilge)**

Ní mór Gaeilge na hArdteistiméireachta a bheith ag an iarratasóir, agus tá agallamh agus tástáil scríofa i nGaeilge le déanamh. Ní mór a bheith in ann a léiriú i d'iarratas CAO go bhfuiltear eolasach faoin gcéim, fianaise a thaispeáint maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais atá déanta i réimse ábhartha.

**GY136 BA Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin**

BA Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin– Ní mór agallamh i nGaeilge agus tástáil scríofa i nGaeilge a dhéanamh. Ní mór a bheith in ann a léiriú go bhfuiltear eolasach faoin gcéim, fianaise a thaispeáint maidir le hobair i réimse gaolmhar mar aon le gach cúrsa breisoideachais atá déanta i réimse ábhartha.




BEALACH
AMACH
EXIT

"

Bhí an cinneadh a rinne mé filleadh ar an oideachas mar Mhic Léinn Lánfhásta suimiúil agus scanrúil araon. Mar sin féin, bhí an chabhair a fuair mé ó na scoláirí eile agus an tacaíocht ón Ollscoil riachtanach do mo dhul chun cinn. Bhí mo theaghlach nua de chairde agus de lucht tacaíochta chomh hinfheistithe ionam is a bhí mé féin, ag cinntiú go n-éireodh liom le mo chuid staidéir. Thug sé an mhuinín dom chun fanacht seasmhach go sóisialta agus go hacadúil. Molaim duit compánach a dhéanamh leis an roinn, le haghaidh an tae ar an laghad. Tuigeann mic léinn lánfhásta na deacrachtaí atá ort agus na mothúcháin a bhíonn agat. D'éascaigh m'intinn agus bhain mé níos mó sult as an taithí mar gheall air seo.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

**Soracha Nic Dhonnacha**
*Baitsiléir sna Dána (Comhonóracha)*



# Coláiste *an* Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

**Tá Ollscoil na Gaillimhe ar an bhfód le fada an lá, agus tá sí aitheanta go hidirnáisiúnta as na céimithe ardcháilithe a chuireann sí ar fáil i ngach gné den Ghnó, an Beartas Poiblí agus an Dlí. Tá raon leathan clár á thairiscint againn, agus tá na baill foirne atá á múineadh ar thús cadhnaíochta ó thaobh bunsmaointeoireachta agus nuálaíochta, rud a fhágann go bhfaighidh tú an t-eispéireas mac léinn is fearr.**

## Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes

**GY201 Bachelor of Commerce**

I measc na gcritéar roghnúcháin, tá measúnú ar chumas an iarrthóra tabhairt faoin gclár, agus leas a bhaint as. Cuirtear taithí agus cúlra oideachais san áireamh. Ní mór fianaise a thaispeáint ó Mhatamaitic na hArdteistiméireachta. Níl agallamh i gceist. Bíodh léiriú intinne láidir i d'iarratas CAO a thugann le fios go bhfuil tú eolach ar an gcéim, ar ghairmeacha agus ar phleananna gairmréime.

**GY202 Bachelor of Commerce (International with French)**

Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, ní mór duit fianaise a sholáthar go bhfuil staidéar déanta agat ar an bhFraincis agus teastais/dioplómaí bainte amach sa teanga sin.

**GY203 Bachelor of Commerce (International with German)**

Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, ní mór duit fianaise a sholáthar go bhfuil staidéar déanta agat ar an nGearmáinis agus teastais/dioplómaí bainte amach sa teanga sin.

**GY204 Bachelor of Commerce (International with Spanish)**

Na critéir chéanna le GY201. Anuas air sin, ní mór don iarrthóir a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil ar a c(h)umas nua-theangacha a fhoghlaim.

**GY206 Bachelor of Science (Business Information Systems)**

Na critéir chéanna le GY201.

**GY207 Bachelor of Commerce (Accounting)**

Na critéir chéanna le GY201. Ní mór d'iarrthóirí staidéar a bheith déanta acu ar mhatamaitic ag leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann. Bheadh caighdeán maith Béarla ina bhuntáiste. Tá sé inmhianaithe go mbeadh luí ag iarrthóirí le Cuntasaíocht (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil), agus modúil agus scrúduithe a bheith déanta acu ar chúrsa do Theicneoirí Cuntasaíochta nuair is féidir.

**GY208 Baitsiléir sa Tráchtáil (Gaeilge)**

Na critéir chéanna le GY201 agus grád H4 a bheith bainte amach i nGaeilge na hArdteistiméireachta.

**GY209 Bachelor of Commerce (Global Experience)**

Na critéir chéanna le GY201.

## Coláiste Ósta na Sionna

**GY261 Bachelor of Business Studies (International Hotel Management)**

Na critéir chéanna le GY201

**GY262 Commerce (International Hotel Management)**

Na critéir chéanna le GY201

# Coláiste *an* Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí *(ar lean)*

## Scoil an Dlí

**GY250 Bachelor of Law & Business**

Teastaíonn Cuntasaíocht (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil) agus Matamaitic (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). Anuas air sin, teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh.

**GY251 Bachelor of Law (BCL)**

Teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh.

**GY252 Law (BCL) and Human Rights**

I measc na gcritéar roghnúcháin, tá measúnú ar chumas an iarrthóra tabhairt faoin gclár, agus leas a bhaint as. Cuirtear taithí agus cúlra oideachais an iarrthóra san áireamh. Obair dheonach nó taithí oibre le saincheisteanna a bhaineann le Cearta an Duine. Níl agallamh i gceist.

**GY253 Law and Taxation**

Teastaíonn Cuntasaíocht (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil) agus Matamaitic (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). Anuas air sin, teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh.

**GY254 Law (BCL), Criminology and Criminal Justice**

Teastaíonn léiriú intinne láidir san iarratas CAO. Caighdeán maith Béarla, idir scríofa agus ó bhéal (leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann, go hiondúil). D'fhéadfaí iarraidh ar mhic léinn freastal ar agallamh.

**GY101 Bachelor of Arts (Joint-Honours) in Law**

Féach ar leathanach 24.

**GY201 Law in Bachelor of Commerce**

I measc na gcritéar roghnúcháin, tá measúnú ar chumas an iarrthóra tabhairt faoin gclár, agus leas a bhaint as. Cuirtear taithí agus cúlra oideachais an iarrthóra san áireamh. Teastaíonn Matamaitic ag leibhéal na hArdteistiméireachta, nó a chomhionann. Níl agallamh i gceist.



## Iarratais

Déan iarratas tríd an CAO roimh an 1 Feabhra 2024.

## Nós imeachta measúnaithe

Leagtar béim ar na critéir acadúla a shonraítear do gach clár, agus ar a bhfuil d'fhianaise maidir lena bhfuil bainte amach ag an iarrthóir sa réimse acadúil le gairid (laistigh de na trí bliana seo caite, más féidir). I measc na bhfachtóirí a d'fhéadfadh a bheith cabhrach nuair atá an cinneadh á dhéanamh maidir le hinoiriúnaitheacht an iarrthóra do gach cúrsa, áirítear na cinn seo a leanas: Taithí oibre/saoil ábhartha Gan deis a bheith ag an iarrthóir roimhe seo tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal Torthaí na hArdteistiméireachta agus cáilíochtaí oideachais eile.

## Taithí Oibre/Saoil

Rachaidh sé chun tairbhe d'iarratais cuntas mionsonraithe a thabhairt air seo. Tá sé inmhianaithe go mbeadh luí agat le heagrúchán, cinnteoireacht agus bainistíocht. Lorgófar fianaise faoina thiomanta atá tú i leith do chuid spéiseanna.

## Léiriú Intinne san iarratas CAO

Ba cheart go mbeadh míniú anseo ar na húdair spreagtha atá agat tabhairt faoi chéim sa réimse spéise seo atá roghnaithe agat, agus an chaoi a rachaidh céim chun tairbhe duit agus tú ag pleanáil don todhchaí. Ábhar spéise chomh maith a bheadh in aon spéis phearsanta nó gníomhaíocht a bhaineann le gnó nó le teangacha.

**Tuilleadh eolais:**

> www.universityofgalway.ie/law/
>
> www.universityofgalway.ie/commerce
>
> www.cao.ie



# Coláiste *na* Heolaíochta agus na Hinnealtóireachta

Gheobhaidh tú oideachas den scoth in Ollscoil na Gaillimhe i ngach ceann de na disciplíní Eolaíochta agus Innealtóireachta. Is ceannródaithe agus saineolaithe na léachtóirí ina réimsí féin, agus déanfaidh siad thú a ullmhú do ghairmréim spéisiúil agus dhúshlánach sa speisialtóireacht atá roghnaithe agat.

GY401 Undenominated Engineering

GY402 BE (Civil)

GY405 BE (Mechanical)

GY406 BE (Electronic and Computer)

GY408 BE (Biomedical)

GY410 BSc (Project & Construction Management)

GY413 BE (Energy Systems)

GY414 BE (Electrical & Electronic)

GY350 BSc (Computer Science & Information Technology)

GY301 Bachelor of Science

GY303 BSc (Biomedical Science)

GY304 BSc (Biotechnology)

GY308 BSc (Environmental Science)

GY309 BSc (Financial Mathematics and Economics)

GY310 BSc (Marine Science)

GY313 BSc (Environmental Health and Safety)

GY314 BSc (Earth and Ocean Sciences)

GY318 BSc (Biopharmaceutical Chemistry)

GY319 BSc (Mathematical Science)

GY320 BSc (Physics – roghanna: Applied, Astrophysics, Biomedical, Theoretical)

GY321 BSc (Genetics and Genomics)

GY322 BSc (Agricultural Sciences)

# Coláiste *na* Heolaíochta agus na Hinnealtóireachta *(ar lean)*

## Na Critéir don Innealtóireacht

Tá grád C3 ar a laghad i Matamaitic (Ardleibhéal) (H5) inmhianaithe do gach céim san Innealtóireacht agus sa Ríomheolaíocht. Fianaise go ndearna an t-iarrthóir staidéar ar an eolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta nó a chomhionann. Déanfar breithniú ar ábhair IT agus Líníochta Teicniúla; bíodh tras-scríbhinn de na torthaí a fuair tú san Ardteistiméireacht san áireamh, le do thoil. D'fhéadfadh Scrúdú Cáilíochta Matamaitice a bheith i gceist i roinnt cásanna. Níl aon agallamh i gceist.

## Critéir Eolaíochta

Ní mór Matamaitic agus Eolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta a bheith ag an iarrthóir, nó a gcomhionann ó chúrsaí breisoideachais. Bíodh tras-scríbhinn de na torthaí a fuair tú san Ardteistiméireacht san áireamh, le do thoil. Níl aon agallamh i gceist. Ba cheart go mbeadh léiriú intinne ann ina míníonn tú na cúiseanna atá agat tabhairt faoi chéim sa réimse spéise atá roghnaithe agat, agus an chaoi a mbainfidh tú úsáid as do chéim i gcomhthéacs na pleananna atá agat don todhchaí. Díol spéise chomh maith aon spéiseanna pearsanta atá agat san eolaíocht.

## Iarratais

Déan iarratas tríd an CAO roimh an 1 Feabhra 2024.

## Nós imeachta measúnaithe

Leagtar béim ar na critéir acadúla thuas, agus ar a bhfuil d'fhianaise maidir lena bhfuil bainte amach ag an iarrthóir sa réimse acadúil le gairid (laistigh de na trí bliana seo caite, más féidir). I measc na bhfachtóirí a d'fhéadfadh a bheith cabhrach nuair atá an cinneadh á dhéanamh maidir le hinoiriúnaitheacht an iarrthóra do gach cúrsa, áirítear taithí oibre/saoil ábhartha. Gan an deis a bheith ag an iarrthóir roimhe seo tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal, Torthaí na hArdteistiméireachta agus cáilíochtaí oideachais eile.

## Taithí Oibre/Saoil

Rachaidh sé chun tairbhe d'iarratais cuntas mionsonraithe a thabhairt air seo. Tá sé inmhianaithe go mbeadh luí agat le heagrúchán, cinnteoireacht agus bainistíocht. Lorgófar fianaise faoina thiomanta atá tú i leith do chuid spéiseanna.

## Léiriú Intinne san iarratas CAO

Ba cheart go mbeadh míniú anseo ar na húdair spreagtha atá agat tabhairt faoi chéim sa réimse spéise seo atá roghnaithe agat, agus an chaoi a rachaidh céim chun tairbhe leat agus tú ag pleanáil don todhchaí. Ábhar spéise chomh maith a bheadh in aon spéis phearsanta atá agat in innealtóireacht, dearadh, feistí leighis, ríomhaireacht, tógáil etc.

**Tuilleadh eolais:**

www.cao.ie

www.universityofgalway.ie/engineering





# Coláiste *an* Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Tá trí scoil i gceist le Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte: Eolaíochtaí Sláinte, Altranas agus Cnáimhseachas, agus Leigheas. Cuirimid romhainn cláir a chur ar fáil atá bunaithe ar shaineolas cliniciúil agus ar thaighde ceannródaíoch le go n-ullmhófar thú do ghairmréim dhúshlánach san earnáil cúraim sláinte a bhíonn ag síorathrú.

**GY501 Bachelor of Medicine (MB) of Surgery (BCh) and of Obstetrics (BAO)**

**GY502 BSc (Occupational Therapy)**

**GY503 BSc (Speech and Language Therapy)**

**GY504 BSc (Podiatric Medicine)**

**GY515 Bachelor of Nursing Science (General)**

**GY516 Bachelor of Nursing Science (Mental Health)**

**GY517 Bachelor of Midwifery Science**

# Coláiste *an* Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte *(ar lean)*

## Na Critéir don Leigheas

Is é an réamhriachtanas atá ann maidir le hábhar grád C2/H4 in ábhar eolaíochta saotharlainne Ardteistiméireachta ag an ardleibhéal (i.e. Ceimic, Fisic, Bitheolaíocht, Fisic le Ceimic (le chéile) nó Eolaíocht Talmhaíochta) nó a chomhionann. Ní mór an grád seo a bheith bainte amach agat le go mbeidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh, i.e. ní mór an grád seo a bheith faighte trí scrúdú na hArdteistiméireachta a bheith déanta sa bhliain roimh bhliain an iarratais, nó roimhe sin.

Ní mór fianaise a thaispeáint go bhfuil tú inniúil ar an mBéarla sa chás nach é an Béarla do chéad teanga. Ní mór do gach iarratasóir HPAT-Ireland a dhéanamh. Ní mór duit clárú don scrúdú sin roimh ré. Féach ar an láithreán gréasáin chun an spriocdháta a fháil, agus dáta an HPAT-Ireland do 2024 https://hpat-ireland.acer.org/

Úsáidtear scóir na n-iarratasóirí ar HPAT-Ireland chun na hiarratasóirí a rangú le haghaidh sraith agallamh beag a dtugtar Multiple Mini Interview (MMI) uirthi. Tabharfar cuireadh do na hiarratasóirí is fearr a chruthaíonn sa scrúdú freastal ar an agallamh seo. Ní ceadmhach agallamh a chur ar iarratasóir níos mó ná dhá uair. Scoil leighis fochéime is ea Ollscoil na Gaillimhe agus is é an aidhm atá leis an gconair rochtana do mhic léinn lánfhásta cur leis an éagsúlacht. Maidir leis na hiarratasóirí siúd atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúrsaí leighis ar bhonn iontrála do chéimithe (i.e. dara honóracha, grád a haon (2:1) a bheith bainte amach acu san fhochéim), níl siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar Ollscoil na Gaillimhe tríd an gconair rochtana do mhic léinn lánfhásta. Ní mheasfar iarratasóirí a bhfuil áit faighte acu i scoil leighis eile a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar leigheas in Ollscoil na Gaillimhe mar mhic léinn lánfhásta.

Sula bhféadfar glacadh le háit ar chúrsa leighis, ní mór na riachtanais maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus sláinte ceirde a chomhlíonadh chomh maith leis na rialacháin maidir le dea-chlú a bheith ar an iarratasóir, de réir polasaithe agus rialacháin iontrála Ollscoil na Gaillimhe. Féach an láithreán gréasáin chun tuilleadh sonraí a fháil, agus an t-eolas is déanaí.

## Critéir don Altranas agus don Chnáimhseachas

Tástáil inniúlachta an t-aon riachtanas a ndéantar measúnú uirthi i gcás Altranais do mhic léinn lánfhásta agus is é an NMBI a bhíonn á reáchtáil. Déantar na háiteanna ar an gcúrsa a dháileadh i bhfianaise torthaí na tástála, agus tá iomaíocht ghéar ann. Níl léiriú intinne ag teastáil san iarratas CAO i gcás Altranas. I ndiaidh dóibh iarratas a bheith déanta acu roimh an 1 Feabhra 2023, ní mór d'iarratasóirí lánfhásta dul go dtí https://www.nmbi.ie/Careers-in-Nursing-Midwifery/How-toapply/Mature-Applicants agus gach treoir a leanúint chun clárú don Tástáil Altranais. Is iondúil go mbíonn sonraí faoin tástáil féin, agus an leabhrán, ar fáil i mí an Mhárta. Déan teagmháil leis an NMBI go díreach chun sonraí a fháil faoin tástáil agus chun cúnamh a fháil le saincheisteanna teicniúla nó chun cabhair a fháil.

## Critéir do na hEolaíochtaí Sláinte

Tá Eolaíocht (Ardleibhéal) ag leibhéal na hArdteistiméireachta chomh maith le taithí oibre i réimse cúraim sláinte ag teastáil sula bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar áit a thabhairt do dhuine ar chúrsa Teiripe Saothair, Teiripe Urlabhra agus Teanga nó Cosliacht. Teastaíonn léiriú intinne láidir i d'iarratas CAO.

## Nós imeachta measúnaithe:

Leagtar béim ar na critéir acadúla thuas, agus ar a bhfuil d'fhianaise maidir lena bhfuil bainte amach ag an iarrthóir sa réimse acadúil le gairid (laistigh de na trí bliana seo caite, más féidir). I measc na bhfachtóirí a d'fhéadfadh a bheith cabhrach nuair atá an cinneadh á dhéanamh maidir le hinoiriúnaitheacht an iarrthóra do gach cúrsa, áirítear na cinn seo a leanas: Taithí oibre/saoil ábhartha, Gan deis a bheith ag an iarrthóir roimhe seo tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal, Torthaí na hArdteistiméireachta agus cáilíochtaí oideachais eile.

## Taithí Oibre/Saoil

Rachaidh sé chun tairbhe d'iarratais cuntas mionsonraithe a thabhairt air seo. Ní mór don iarratasóir a bheith eolasach faoin gcéim agus faoin ngairm, chomh maith le fianaise a thaispeáint go bhfuil taithí cúraim sláinte aige nó aici.

## Iarratais

Déan iarratas tríd an CAO roimh an 1 Feabhra 2024.

**Tuilleadh eolais:**

www.universityofgalway.ie/medicine/

www.hpat-ireland.acer.org/

www.universityofgalway.ie/nursing/

www.nmbi.ie/Careers-in-Nursing-Midwifery

www.universityofgalway.ie/healthsciences/

www.cao.ie



# Faisnéis *Airgeadais*

**D'fhéadfadh brú airgid a bheith ort tar éis duit filleadh ar an oideachas ar bhonn lánaimseartha. Ní mór breithniú a dhéanamh ar go leor fachtóirí, mar shampla cíos, billí fóntais, bia, taisteal agus ábhair ranga. Tá sé tábhachtach go ndéanfá measúnú ar do chumas airgeadais tabhairt faoi chéim lánaimseartha.**

## Táille Fochéime

Tá trí ghné i gceist le táillí fochéime san AE: 1. Táille Theagaisc (saor ó cháin) 2. Muirear ranníocaíocht an Mhic Léinn 3. Tobhaigh d'áiseanna mic léinn (cuimsítear leo an costas clárúcháin, scrúduithe agus seirbhísí do mhic léinn).

**1. Táille Theagaisc**

De réir théarmaí an tionscnaimh 'táillí in aisce' de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, íocann an Stát an táille theagaisc do mhic léinn lánaimseartha fochéime AE atá incháilithe agus nach bhfuil i mbun an bhliain acadúil a dhéanamh arís sa chás gur:

- Fochéimí den chéad uair iad
- Go bhfuil náisiúntacht de chuid an AE acu nó stádas Dídeanaí Oifigiúil
- Go bhfuil gnáthchónaí orthu i mballstát de chuid an AE ar feadh ar a laghad trí bliana as na cúig bliana roimh dhul isteach dóibh ar chúrsa lánaimseartha faofa.

Mura gcomhlíonann tú na critéir thuas do 'tháillí in aisce', seans go bhféadfá a bheith i dteideal 'táillí AE'. Is féidir le hiarratasóir a bheith i dteideal tháillí AE ar dhá bhealach, trí náisiúntacht nó trí chónaitheacht:

- **Náisiúntacht:** Sa chás go bhfuil náisiúntacht AE nó stádas oifigiúil dídeanaí ag mac léinn, nó a (h)oideachas iomlán iar-bhunscoile faighte aige/aici laistigh den AE ach gan é/í a bheith ina g(h)náthchónaí ann ar feadh trí cinn de na cúig bliana díreach roimh dhul isteach san ollscoil dóibh, beidh an mac léinn i dteideal tháillí AE. Is féidir náisiúntacht AE a chruthú trí phas AE, teastas breithe bunaidh de chuid na hÉireann, Cárta Aitheantais Náisiúnta bunaidh de chuid an AE, nó stádas dídeanaí oifigiúil a bheith ag an iarratasóir.
- **Cónaitheacht:** Ní mór do phríomhchónaí an mhic léinn, chun críche cánachais, a bheith i mballstát de chuid an AE ar feadh ar a laghad trí cinn de na cúig bliana díreach roimh dhul isteach dó/di i gcúrsa faofa tríú leibhéal. (Ní bheidh mac léinn i dteideal rátaí táille AE a fháil díreach i ngeall ar é/í a bheith ina g(h)áthchónaí roimhe sin mar mhac léinn lánaimseartha)

Mura bhfuil tú cáilithe don Tionscnamh Táillí Saor in Aisce ná do Dheontas Mic Léinn, d'fhéadfá a bheith dlite sa chás sin na táillí teagaisc iomlána a íoc do do chúrsa staidéir. Téigh chuig www.universityofgalway.ie/fees chun gach eolas maidir le táillí agus critéir ghaolmhara a fháil.

**2. Muirear ranníocaíocht an mhic léinn:**

Tá muirear ranníocaíocht an mhic léinn, a bheidh thart ar €3,000 in 2024, iníoctha ag gach mac léinn. Mar sin féin, maidir leis na mic léinn sin a bhfuil iarratas déanta acu agus a n-éiríonn lena n-iarratas ar dheontas ardoideachais nó scoláireacht, íocfaidh soláthróir na scoláireachta nó an t-údarás deontais ardoideachais muirear ranníocaíocht an mhic léinn ar a son.

**3. Tobhaigh d'áiseanna mac léinn:**

Tá siad seo iníoctha ag gach mac léinn agus thart ar €140 a bheidh orthu in 2024. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Oifig na dTáillí

**Tuilleadh eolais**

www.universityofgalway.ie/fees



## Roghanna maoinithe

- Deontais Mac Léinn SUSI
- Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas (BTEA) (An Roinn Coimirce Sóisialaí)

## Deontais Mac Léinn SUSI

Is ar líne a dhéantar iarratas ar dheontais mac léinn, agus déanann SUSI iad a riar go lárnach. Má tá tú incháilithe, d'fhéadfadh sé do tháillí, nó cuid de do tháillí, a chlúdach, agus cabhrú leat le híocaíochtaí cothabhála le go laghdófar do chostais mhaireachtála agus tú i mbun staidéir. Is iad riachtanais an Stáit maidir le bheith incháilithe do dheontais gnáthchónaí a bheith ar an duine ar feadh trí bliana as na cúig bliana roimhe sin i gcás iarratasóirí nua, pas AE a bheith i seilbh an iarratasóra agus stádas oifigiúil dídeanaí a bheith acu. Ní mór don mhac léinn a bheith imithe ón oideachas ar feadh trí bliana le go mbeidh sé/sí in ann áit a fháil sa chóras oideachais arís mar mhac léinn lánfhásta a ndéanfar measúnú neamhspleách air/uirthi.

**BTEA:** Ní mór íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bheith á bhfáil ag éilitheoir ar feadh naoi mí as a chéile, go hiondúil, roimh fhilleadh ar an gcoláiste dóibh, ach d'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann don riail sin, go hiondúil i gcásanna a bhaineann le hiomarcaíocht reachtúil. Téigh chuig www.welfare.ie chun fáil amach an bhfuil tú incháilithe don BTEA. Níl na mic léinn siúd a bhfuil BTEA á fháil acu incháilithe don sciar cothabhála den Deontas Mac Léinn. Ba cheart dá leithéid de mhic léinn iarratas a dhéanamh fós ar dheontas chun a dtáillí clárúcháin a íoc (agus i gcásanna faoi leith, a dtáillí teagaisc).

## Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh do mhic léinn páirtaimseartha

Is féidir le mic léinn lánfhásta atá dífhostaithe freastal ar chláir pháirtaimseartha in Ollscoil na Gaillimhe agus Sochar Cuardaitheora Poist (JB) nó Liúntas Cuardaitheora Poist (JA) a choinneáil mar aon le tairbhí tánaisteacha gaolmhara cosúil le Liúntas Cíosa.

**Tuilleadh Eolais:**

Teagmhálaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS):

Íocaíochtaí Dífhostaíochta/BTEA:
**T:** 1890 92 79 99

Íocaíochtaí Pinsin/Easláine/Míchumais:
**T:** 1890 50 00 00

Liúntas Tuismitheora Aonair:
**T:** 1890 92 77 70

www.susi.ie

www.welfare.ie

## Scoláireachtaí agus Sparántachtaí

Féach ar leathanach 12 den treoirleabhar seo chun liosta iomlán na scoláireachtaí agus sparántachtaí ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu gan tionchar a imirt ar mhaoiniú SUSI ná ar BTEA. Bíodh a fhios agat cén uair a bhfuil an t-iarratas le déanamh. Tá iarratais le déanamh i roinnt cásanna sula gcuirfear tús le do chéim.

# Ceisteanna *Coitianta*

## Cén uair a dhéantar iarratas?

An 1 Feabhra 2024 an sprioc do gach iarratas CAO. Ní mór d'iarratas agus gach cáipéis tacaíochta a bheith faighte ag an oifig CAO faoin dáta sin. Moltar iarratais ar chláir fochéime Ollscoil na Gaillimhe a dhéanamh ar líne. Is féidir leat iarratas CAO amháin a úsáid chun do rogha a dhéanamh as an raon iomlán cúrsaí atá liostaithe sa treoirleabhar seo. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar suas le 10 gcúrsa i gcatagóir Leibhéal 8, agus 10 gcúrsa i gcatagóir Leibhéal 7. Tabhair faoi deara gur céimeanna Leibhéal 8 iad gach fochéim atá á teagasc in Ollscoil na Gaillimhe.

**Le tuilleadh eolais a fháil:**

> An Lár-Oifig Iontrála, Teach an Túir,
> Sráid Eglinton, Gaillimh, Éire.
>
> **T:** +353 (0)91 509 800
>
> **E:** info@cao.ie **W:** www.cao.ie

## Céard iad na cláir céime lánaimseartha ar féidir liom iarratas a dhéanamh orthu?

Tá gach ceann de chéimeanna Ollscoil na Gaillimhe oscailte do mhic léinn lánfhásta.

## Céard a tharlóidh sa chás nach n-éiríonn le m'iarratas, agus nach nglactar liom do bhliain acadúil 2024?

Más mac léinn lánfhásta thú a bhfuil iarratas déanta agat ar Eolaíocht/Innealtóireacht/Teicneolaíocht/Eolaíochtaí Sláinte nó Gnó/Dána nó Dlí agus nár éirigh le d'iarratas, seolfar ríomhphost chugat ag cur in iúl duit gur cheart duit iarratas a dhéanamh ar an Dioplóma Bonnstaidéir ábhartha le go mbeidh tú in ann na critéir a chomhlíonadh don bhliain acadúil 2024. Seolfar an ríomhphost sin ag deireadh mhí Iúil.

## Conas a dhéantar iarratais a mheas?

Déantar na hiarratais uile a mheas i gcomhthéacs líon na n-iarratas atá faighte ag an CAO ó mhic léinn lánfhásta faoin spriocdháta, an 1 Feabhra. Déanann an oifig CAO na hiarratais sin a phróiseáil agus iad a chur ar aghaidh chuig Ollscoil na Gaillimhe. Ní ghlacann Ollscoil na Gaillimhe le hiarratais a sheoltar go díreach chuig an Ollscoil. Déanfaidh an Ollscoil athbhreithniú ar gach iarratas, agus lorgóidh sí fianaise maidir le do chumas acadúil chomh maith le do spéis sa chlár a bhfuil iarratas déanta agat air, agus an luí atá agat leis. Féach ar na critéir iontrála do gach coláiste sa treoirleabhar seo chun a bhfuil i gceist le gach clár a fheiceáil.

## Céard a tharlóidh má éiríonn liom agus má ghlacaim le háit in Ollscoil na Gaillimhe?

Clárúchán: deireadh Lúnasa go deireadh Mheán Fómhair. Seolfar ríomhphost chuig gach mac léinn faoin gcaoi le clárú tar éis do thorthaí na hArdteistiméireachta a bheith eisithe.

Reáchtálfar an Clár Filleadh ar an bhFoghlaim do Mhic Léinn Lánfhásta ag deireadh Lúnasa. Gheobhaidh tú gach eolas faoin gClár Filleadh ar an bhFoghlaim trí ríomhphost i mí Iúil 2023.

Reáchtálfar Seisiúin Eolais do Mhic Léinn ar an bPríomhchampas sa chéad seachtain de Mheán Fómhair go hiondúil.

## Cén áit ar féidir liom cóip de mo thorthaí Ardteistiméireachta a fháil?

Is féidir leat ráiteas deimhnithe de do thorthaí a iarraidh ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (€14.50) ag an seoladh seo a leanas:

Rannóg na Ráiteas, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.

**T:** +353 90 6442808/6442810
**R:** statements@examinations.ie
**G:** www.examinations.ie




Sa chás go ndearna tú scrúduithe fágála scoile lasmuigh d'Éirinn, ba cheart duit cóip de do thorthaí a sheoladh isteach freisin mar aon le haistriúchán deimhnithe Béarla den tras-scríbhinn sa chás gur infheidhme. Sa chás go ndearna tú an Ardteistiméireacht idir 1985 agus 2021, ní mór duit d'uimhir Ardteistiméireachta a sholáthar le d'iarratas CAO i gcás roinnt céimeanna, mar aon leis an bhliain a ndearna tú an scrúdú. Sa chás go ndearna tú an Ardteistiméireacht roimh 1985, seol isteach na torthaí oifigiúla le d'iarratas.

## An féidir liom iarratas déanach a dhéanamh chuig Ollscoil na Gaillimhe tar éis an 1 Feabhra?

Ní féidir iarratas a dhéanamh mar iarratasóir lánfhásta tar éis an 1 Feabhra. Ach, is féidir leat iarratas déanach a dhéanamh bunaithe ar thorthaí Ardteistiméireachta amháin, suas go dtí an 1 Bealtaine. Féach ar phointí na hArdteistiméireachta ag www.universityofgalway.ie/cao/ agus ar an Réamheolaire Fochéime chun na Riachtanais Mháithreánaigh d'Ábhair a fháil.

## An féidir leat an fhoirm athraithe intinne a úsáid do chláir Ollscoil na Gaillimhe?

Ní bhaineann an rogha athraithe intinne le mic léinn lánfhásta atá ag déanamh iarratas chuig Ollscoil na Gaillimhe tríd an CAO. Is é an 1 Feabhra an spriocdháta d'iarratais ó mhic léinn lánfhásta. Nuair a bheidh d'iarratas CAO curtha isteach agat, seolfar ráiteas de do chuid roghanna chugat go luath i mí Feabhra.

Is ag an bpointe seo amháin is féidir leat roghanna nua a chur le d'iarratas nó roghanna a scriosadh más mian leat. Nuair a bheidh do chuid roghanna curtha isteach agat an athuair, féadfaidh tú ord na roghanna a athrú go dtí go ndéanfar tairiscintí go luath i mí Iúil. Ciallaíonn sé seo gur cheart duit do chéad rogha a chur ar bharr an liosta, ansin do dhara rogha, agus mar sin de. De réir nósanna imeachta an CAO, ní thairgfear d'iarratasóirí ach amháin an rogha is airde ar éirigh léi, agus tá sé tábhachtach mar sin go gcuirfidh tú do roghanna ar d'iarratas CAO in ord tosaíochta.

## Cén uair a bheidh a fhios agam gur éirigh le m'iarratas?

Gheobhaidh tú fógra oifigiúil ón CAO go bhfuil áit faighte agat in Ollscoil na Gaillimhe, go hiondúil ag tús mhí Iúil. Sonrófar an dáta nach mór duit do thairiscint a ghlacadh roimhe go soiléir ar an bhfógra ón CAO. Mura nglacann iarratasóirí CAO lena dtairiscint faoin dáta a shonraítear, déanfar an tairiscint a aisghairm agus tairgfear d'iarratasóir eile é (tairiscintí dara babhta). Tá sé ríthábhachtach go mbeidh tú ar an eolas faoin dáta ar cheart duit do thairiscint a bheith glactha agat roimhe. Is féidir leat glacadh le do thairiscint ar líne (www.cao.ie) sa chás nach bhfuil tú i láthair ag an seoladh baile a thug tú ar d'iarratas.

**An fhreagracht atá ort...** Má athraíonn tú do sheoladh am ar bith idir Feabhra agus deireadh Meithimh, ní mór duit do sheoladh nua a chur isteach.

# Tiontaire Pointí

*Tiontaire Pointí Ardteistiméireachtaí Roimh 2017*

| Scála Grádála Ardteistiméireachta Roimh 2017 | Scála Grádála Ardteistiméireachta Nua | Pointí Nua ag Ardleibhéal | Pointí Nua ag Gnáth Leibhéal |
|---|---|---|---|
| A1 | H1 / O1 | 100 | 56 |
| A2 | H2 / O2 | 88 | 46 |
| B1 | | | |
| B2 | H3 / O3 | 77 | 37 |
| B3 | | | |
| C1 | H4 / O4 | 66 | 28 |
| C2 | | | |
| C3 | H5 / O5 | 56 | 20 |
| D1 | | | |
| D2 | H6 / O6 | 46 | 12 |
| D3 | | | |
| E | | 33 | 0 |

*Tiontaire Pointí Ardteistiméireachta Roimh 1992*

| Roimh 1992 Grád AT | Gráid Nua | Pointí Reatha Tugtha ag Ardleibhéal | Pointí Reatha Tugtha ag Gnáthleibhéal | Comhionann na nGrád Nua AT | Pointí Nua Tugtha ag Ardleibhéal | Pointí Nua Tugtha ag Gnáthleibhéal |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A | 85 - 100 | 95 | 55 | H1 / O1 | 100 | 56 |
| B | 70 < 85 | 80 | 40 | H3 / O3 | 77 | 37 |
| C | 55 < 70 | 65 | 25 | H4 / O4 | 66 | 28 |
| D | 40 < 55 | 50 | 10 | H6 / O6 | 46 | 12 |
| E | 25 < 40 | 0 | 0 | | 33 | 0 |
| F | 10 < 25 | | | | | |
| NG | < 10 | | | | | |



# *Dátaí* Tábhachtacha do Mhic Léinn Lánfhásta

## Deireadh Fómhair 2023

Laethanta Oscailte Ollscoil na Gaillimhe
*6 & 7 Deireadh Fómhair*

## Samhain 2023

Osclaíonn áis ar líne an CAO chun iarratais a dhéanamh. Osclaíonn clárúchán do HPAT.
*6 Samhain*

## Eanáir 2024

Oíche Eolais do Mhic Léinn Lánfhásta
*10th Eanáir (Féach an láithreán gréasáin chun an t-eolas is déanaí a fháil)*

Tagann deireadh le táille iarratais lascainithe ar líne an CAO ar an dáta seo.
*20 Eanáir, 5pm*

## Feabhra 2024

An gnáthspriocdháta d'iarratais
*1 Feabhra, 5pm*

Beidh fáil ar an áis ar líne chun roghanna cúrsa a athrú
*5 Feabhra*

Dáta na tástála HPAT - Le deimhniú
*An dáta le cinntiú fós*

## Márta 2024

An dáta deiridh chun roghanna cúrsa a athrú.
*1Márta, 5pm*

An dáta is déanaí do cháipéisí tacaíochta d'iarratais HEAR/DARE a bheith faighte ag an CAO. Níl feidhm aige seo ach do dhaltaí na hArdteistiméireachta amháin.
*15 March 2024*

## Lá Oscailte an Earraigh, Ollscoil Na Gaillimhe

*http://www.universityofgalway.ie/opendays/*

## Iúil 2024

Tairiscintí Bhabhta A do Mhic Léinn Lánfhásta
*Tús mhí Iúil*

## Lúnasa 2024

Tairiscintí Bhabhta 0 do chatagóirí neamhchaighdeánacha iarratasóirí áirithe, iarratasóirí QQI FETAC san áireamh.
*Tús mhí Lúnasa*

An Clár Filleadh ar an bhFoghlaim
*Deireadh mhí Lúnasa*

## Meán Fómhair 2024

Cuirtear tús le clárúchán agus le seisiúin eolais sna hInstitiúidí Ardoideachais
*Tús Mheán Fómhair*

| Scrúdú | HPAT (d'iarratasóirí leighis) |
|---|---|
| Déan iarratas | Féach https://hpat-ireland.acer.org/ |
| Iarratais dhéanacha | Féach https://hpat-ireland.acer.org/ |
| Lá na tástála | Le deimhniú |

# Teagmhálaithe Úsáideacha

Bíodh is go bhféadfadh roinnt comhaltaí foirne a bheith ag obair go cianda i gcónaí, seol ríomhphoist chun coinne a dhéanamh agus féach ar ár láithreán gréasáin chun na treoirlínte is déanaí a fháil maidir le coinní ar an láthair.

### Mic Léinn Lánfhásta

Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe,
Áras Uí Chathail
www.universityofgalway.ie/mature
maturestudents@universityofgalway.ie

### Cláir Rochtana

Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe
www.universityofgalway.ie/access
access@universityofgalway.ie

### An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais

Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe
www.universityofgalway.ie/disability
disabilityservice@universityofgalway.ie

### Oifigeach Oideachais Taistealaithe

Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe,
Áras Uí Chathail access@universityofgalway.ie

### Foghlaim d'Aosaigh agus Forbairt Ghairmiúil

Oileán Altanach, Ollscoil na Gaillimhe
**T** + 353 91 494 066
adultlearning@universityofgalway.ie

### Príomh-Mhalartán Ollscoil na Gaillimhe

**T** +353 91 524 411 **F** +353 91 494521

www.universityofgalway.ie

### Deasc Eolais na Mac Léinn (Fiosruithe Ginearálta Mac Léinn)

Áras Uí Chathail, Ollscoil na Gaillimhe
**T** +353 91 495 999
https://www.universityofgalway.ie/student-registry-helpdesk/
askregistry@universityofgalway.ie

### An Oifig Iontrála – Fochéim (Iarratasóirí AE)

Áras Uí Chathail, Ollscoil na Gaillimhe
**T** +353 91 492 401 **T** +353 91 494 024
**T** +353 91 493 878
www.universityofgalway.ie/admissions
admissions@universityofgalway.ie

### Oifig na dTáillí

Áras Uí Chathail, Ollscoil na Gaillimhe
**T** +353 91 492 386 **F** +353 91 495 553
fees@universityofgalway.ie

### An Oifig Lóistín & Leasa

Áras Uí Chathail, Ollscoil na Gaillimhe

**T** +353 91 492 760/492 364
accommodation@universityofgalway.ie
teresa.kelly@universityofgalway.ie

**T** +353 91 492 760/493 540
angela.walsh@universityofgalway.ie

**T** +353 91 495 282
una.mcdermott@universityofgalway.ie

### An Oifig Gnóthaí Idirnáisiúnta – (Iarratasóirí Neamh-AE) Ollscoil na Gaillimhe

**T** +353 91 495 277
www.universityofgalway.ie/international
international@universityofgalway.ie

### Scoláireachtaí Spóirt Ollscoil na Gaillimhe

**T** +353 91 493 475
www.universityofgalway.ie/sports
michael.heskin@universityofgalway.ie

I gcás gach scoláireacht iontrála eile, déan teagmháil leis an Oifig Iontrála ag www.universityofgalway.ie/admissions/ scholarships

An tIonad Rochtana, Áras Uí Chathail, Ollscoil na Gaillimhe www.universityofgalway.ie/accesscentre

Cuireann Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe tacaíocht ar fáil do mhic léinn atá rannpháirteach ar chláir rochtana, do mhic léinn faoi mhíchumais agus do mhic léinn lánfhásta.




## Teagmhálaithe úsáideacha eile

**Ollscoil na hÉireann (NUI)**
49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
**T** +353 1 439 2424
www.nui.ie

**An Lár-Oifig Iontrála (CAO)**
Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh
**T** +353 91 509 800
www.cao.ie
info@cao.ie

*Is mar eolas amháin atá a bhfuil sa Treoir do Mhic Léinn Lánfhásta agus ní mheasfar é a bheith ina chonradh idir Ollscoil na Gaillimhe agus iarratasóir nó aon tríú páirtí. Cé go ndéantar tréaniarracht cruinneas na faisnéise san fhoilseachán seo a chinntiú, coimeádann an Ollscoil an ceart aon chúrsa, siollabas, scrúdú, táille, rialachán, riail nó ordú a athrú, a leasú nó a scriosadh tráth ar bith, gan fógra a thabhairt.*



Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

**Coinnigh i dteagmháil le hOllscoil na Gaillimhe**

- facebook.com/universityofgalway/
- twitter.com/universityofgalway
- linkedin.com/company/universityofgalway
- pinterest.com/universityofgalway
- youtube.com/thinkingaboutnuig
- instagram.com/universityofgalway
- Snapchat universityofgalway

**Coinnigh i dteagmháil le hIonad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe**

- facebook.com/UniOfGalwayAccess
- instagram.com/uniofgalwayaccess
- twitter.com/GalwayAccess
- linkedin.com/company/uni-of-galway-access-centre